

Comhairle Contae Átha Cliath Theas
Tuarascáil Bhliantúil 2018



Ár Misean

Chun an áit is fearr
agus is féidir a
dhéanamh as ár
gcontae le cónaí,
oibriú agus gnó a
dhéanamh ann

An Clár

Réamhrá an Mhéara	02
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	04
Cruinnithe Comhairle 2018	06
Coistí um Beartas Straitéiseach (SPCanna)	07
TUARASCÁLACHA AR SHEIRBHÍSÍ A SEACHADADH IN 2018	
Fiontraíocht Gheilleagracha agus Forbairt Turasóireachta	08
Pleanáil Úsáid Talún agus Iompar	16
Tithíocht Shóisialta agus Forbairt Phobail	23
Timpeallacht, Uisce agus Athrú Aeráide	30
Cumas Eagraíochtúil agus Cuntasacht	38
AGUISÍNÍ	
1. Cairteacha agus Graif Airgeadais	44
1.1 Siamsaíocht agus Costais Ghaolmhara	45
2. Comhaltacht ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas	46
2.1 Íocaíochtaí le Comhairleoirí in 2018	48
2.2 Comhaltacht Comhairle ar Choistí agus Comhlachtaí Eile	48
3. Comhdhálacha Oiliúna ar fhreastal Comhairleoirí orthu in 2018	51
4. Tuarascáil um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2018	52
5. Nochtadh Cosanta 2018	53
6. Foireann na Bainistíochta Sinsearaí	54

Réamhrá an Mhéara



Is mór an onóir dom a bheith páirteach i dTuarascáil Bhliantúil na bliana seo do Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Bliain dhúshlánach a bhí in 2018 dúinn ar fad ach rinneadh dul chun cinn in go léir réimsí tábhachtacha. Tá an ghéarchéim tithíochta ag éirí níos measa agus scríobhaim an réamhrá seo leis an méid sin ar intinn agam.

Nuair a toghadh mar Mhéara mé i Meitheamh 2018, dhearbhaigh mé go mbeinn ag díriú ar thrí théama: tithíocht, tithíocht agus tithíocht. Is í an tithíocht an tsaincheist aonair is mó a dtagaim trasna air go laethúil. Bíodh sé faoi dhaoine ar liosta tithíocht shóisialta, daoine atá os cionn na tairsí don tithíocht shóisialta ach mar gheall ar chíosanna atá ag dul as smacht ní bheidh siad in ann a dteach féin a cheannach riamh, daoine a bhfuil brú orthu maidir le morgáiste, daoine atá ag íoc cíós príobháideach faoi láthair ach a fuair fógra fágála faighte acu, tuismitheoirí a bhfuil a leanaí fásta agus a ngarchlann ina gcónaí leo, téann an liosta ar aghaidh.

Thug mé dúshlán don chomhairle chun pleananna a thabhairt ar aghaidh do thithe sóisialta chuid 8 sa Chontae i mbliana. Mar gheall air seo, tá ardú sa líon pleananna a ceadáíodh sa seomra agus ar deireadh tiocfaidh ardú ar an líon aonad de thithíocht shóisialta a thógfar dá bharr.

Anuas ar phróiseas chuid 8, cheadaigh an Chomhairle seo máistirphlean do Chríos Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa. Tá pleananna do 8,400 teach i gcomhair os cionn 21,000 cónaitheoir do Chluain Buiríosa mar aon le hiompar, áiseanna oideachais, fostaíocht, spás miondíola agus áineasa do gach duine. Tá mé sásta go mbainfidh an Chomhairle an leas is fearr as a shealúchas talún i gCluain Buiríosa i gcomhair tithíocht shóisialta mar gheall ar rún a chuir mé faoina bráid. Ghlac na comhaltaí leis an bplean agus tógfar suas le 2,700 teach sóisialta agus inacmhainne le linn na forbartha. Cabhróidh sé seo go mór chun an líon daoine ar ár liosta tithíocht shóisialta a laghdú go suntasach mar aon le freastal orthu siúd nach bhfuil in acmhainn an cíos atá ag dul as smacht a íoc. Rinneadh achomharc ar an bplean seo chuig an mBord Pleanála agus táthar ag súil le cinneadh níos déanaí i mbliana.

Feiniméan le déanaí is ea an stioigma orthu siúd a chónaíonn i dtithíocht shóisialta. Labhair mé le Parlaimint na hEorpa le déanaí agus d'éist mé le mo chomhghleacaithe as gach cearn den Eoraip ag labhairt faoin gceist seo. Is léir go mbaineann an tsaincheist seo le hÉirinn amháin. Tagaimse as tithíocht shóisialta ach ní raibh a fhios agam riamh go raibh mé ag fás aníos i dteach sóisialta, ní raibh a fhios agam ach go raibh teach agam. Tá sé in am an bród a chur ar ais sa tithíocht shóisialta. Inniu, breathnaíonn codanna éagsúla den tsochaí, polaiteoirí san áireamh, ar thionóntaí i dtithíocht shóisialta mar dhaoine atá go dona, níos lú ná daoine eile, mar fhadhbanna, agus caithfidimid éalú ón meon 'ní i mo ghairdín cúil-sa' agus ón bpolaíocht phobalach. Ag leibhéal náisiúnta, is gá go dtacófaí le húdaráis áitiúla chun líon mór tithíocht shóisialta a thógáil agus, go tábhachtach, leis an bpleanáil cheart a chuireann an bonneagar cuí ar fáil ionas nach bhfuilimid díreach ag tógáil tithe ach pobail inbhuanaithe. Is gá go bhfoghlaimeoimis ó na botúin a rinneamar cheana.

Ritheamar buiséad rathúil i mbliana trína gcuirfear acmhainní breise ar fáil i gcothabháil tithíochta, sa réimse poiblí agus i seirbhísí tosaigh eile. Beidh tionchar dearfach aige seo ar gach saoránach sa Chontae.

Ceann de na príomhthosaíochtaí atá agam mar Mhéara ar Áth Cliath Theas is ea dul i ngleic le hathrú aeráide, agus tá sé rithábachtach Contae níos glaise, níos glaine agus níos athléimní a bhaint amach. Tá áthas orm go bhfuil Comhairle Contae Átha Cliath Theas ag dul chun cinn i dtabhairt faoi na tionchair dhiúltacha atá ag an athrú aeráide ar ár gcomhshaol. Chuige seo, d'fhaomh an Chomhairle méadú ceathrú milliún euro i mbuiséad um Athrú Aeráide do 2019. Agus iarracht á dhéanamh na spriocanna seo a bhaint amach, tá 114 gníomh liostaithe sa Dréachtphlean agus tosaíodh ar obair cheana féin ar go leor de na gníomhartha seo.

Mar shampla, anuraidh sheolamar ár bhflít Feithiclí Leictreacha, na chéad chéimeanna i dtreo dícharbónú feithiclí na Comhairle. Le linn an chláir um phlandáil crann, cuireadh os cionn 1,400 crann le 12 mhí anuas agus tá an clár chun an soilsíú poiblí a uasghrádú chuig LEDanna atá éifeachtach ó thaobh fuinneamh fós ar siúl.

Ag féachaint chun cinn, tá mé ag súil go mór le hoscailt Leabharlann Chluain Dolcáin Thuaidh. Tá sé de chumas ag an leabharlann nua an ceantar ar fad a ardú agus beidh sí mar sheoid i gCluain Dolcáin Thuaidh.

An Comh. Mark Ward

Méara Chontae Bhaile Átha Cliath Theas

Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh



Tá áthas orm bheith in éindí leis an Méara chun machnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn suntasach a rinneadh i rith 2018 ar ár gcuspóirí corparáideacha. Is léir gur gá díriú go leanúnach, go hinbhuanaithe agus go soiléir leis an dúshlán tithíochta leanúnach agus na dúshlán bhainteacha den fhás geilleagrach agus déimeagrafach, ach tá comharthaí spreagúla sa mhéid a baineadh amach anuraidh.

I dtéarmaí na tithíochta sóisialta, chuir Áth Cliath Theas 1,598 aonad ar fáil thar chláir tógála nua, ceannacháin agus ar léas, rud a bhí 25% chun tosaigh ar a sprioc tógála agus 15% den sprioc foriomlán. Is í an tithíocht an príomhfhócas atá againn fós in 2019.

Chuige seo, tá máistirphleanáil á dhéanamh againn faoi láthair do 3,000 aonad. I rith 2018, chríochnaíomar próiseas tairisceana suntasach freisin don fhorbairt chomhfhiontair de scéim tithíochta tionóntachta measctha 978 aonad ag Cill Chairbre, Cluain Dolcáin. Rachaidh an tionscadail seo chuig an gcéim phleanála sa dara ráithe de 2019. Mhéadaigh gníomhaíocht phleanála agus tógála tithíocht phríobháideach freisin, áit ar ceadaíodh 3,029 aonad, méadú 59% agus tógadh 1,267 aonad, méadú 15%. I gcomhthéacs na phleanála do thithíocht amach anseo, chríochnaigh an Chomhairle céim chomhairliúcháin maidir le Crios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa, a bhfuil sé de chumas 8,400 teach a thógáil ann. Tá an scéim leis an mBord Pleanála anois chun cinneadh deiridh a dhéanamh.

Caithfear bonneagar sóisialta cuí a chur san áireamh mar aon le riachtanais tithíochta na nglúnta atá le teacht. Ag deireadh na bliana, tá leabharlanna nua ag Cluain Dolcáin agus Tigh Motháin á dtógáil, agus tá an t-ionad fóillíochta €13 milliún do Leamhcán ag céim na tairisceana agus tá sé le tosú i mBealtaine 2019. Tá trí spás imeartha déag ag céimeanna éagsúla den phróiseas conartha/tógála, agus cuirfidh siad an clár seo, a raibh daoine an-sásta leis, i gcrích. Tiocfaidh Clár Spás do Dhéagóirí díreach ina dhiaidh, ar cuireadh €500,000 ar fáil ina leith do 2019 do chúig thionscnamh píolótacha.

I gcomhar leis an FAI, d'osclaíomar ár gcéad pháirc astro don Sacar Fráma i Leamhcán. Is féidir le 8,000 duine anois dul isteach i Staid Thamhlachta ó críochnaíodh an tríú Seastán ann, agus táthar ag súil an chéim dheiridh den fhorbairt a chur tríd an bpróiseas pleanála an bhliain seo chugainn. Cuireann an Chomhairle 174 páirc imeartha ar fáil faoi láthair ach, mar gheall go bhfuilimid feasach ar riachtanais sa todhchaí, cuireadh tús le Staidéar Cumais Páirceanna le déanaí, agus torthaí insoláthartha le sainaitheint faoi Bhealtaine 2019.

Tá geilleagar áitiúil inbhuanaithe ag brath ar fhostaíocht, atá ina chroí-chuspóir ag an gComhairle. Cothaíonn Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí 5,400 post anois agus fuarthas cead pleanála chun é a shíneadh faoi 480 acra. Cuirfear tús i samhradh 2019 le bonneagar a leagan, lena n-áirítear bóthar rochtana dromlaigh. Agus muid feasach ar an ngá le tallann dhúchais a chothú, chríochnaíomar athbhreithniú a thacaíocht agus forbairt fiontair in 2018. Is é an glantoradh a bheidh air seo go bhforbrófar Ionad Nuálaíochta ceannródaíoch i lár Thamhlachta, a mbeidh a dhearadh agus a phleanáil críochnaithe in 2019.

Déanfaimid iarracht freisin feabhsúcháin a dhéanamh le rannpháirtíocht saoránach. Cuireadh ár dtionscnamh Buiséadaithe Rannpháirteach 2018 ar fáil arís i gCluain Dolcáin in 2018, agus cuireadh 230 smaoineamh isteach, ónar gearrliostaíodh 24 tionscadal. Sheolamar an tairseach mhaoine a bhfuil gradaim buaite aige www.mydoorstep.ie, i nDeireadh Fómhair 2018 agus rinneamar gnóthachtálacha suntasacha lena gclúdach meán sóisialta. D'fhás ár suíomh gréasáin nua 13%, d'fhás ár Facebook 29% agus d'fhás ár Twitter 59%.

Táimid ag súil le feabhsúcháin seirbhíse leanúnach a dhéanamh in 2019 agus beimid ag lorg tuairimí saoránach maidir lenár Straitéis Chorporáideach nua, a sheolfar ag deireadh 2019.

Daniel McLoughlin
Príomhfheidhmeannaigh

Cruinnithe Comhairle 2018

Reáchtáladh 78 cruinniú den Choiste Comhairle, Eagraíocht, Nós Imeachta agus Airgeadais iomlán, Grúpa Beartais Corparáideach (CPG) agus Coistí Ceantair atá déanta de:

- 11 Cruinnithe Comhairle Contae
- 1 Chruinniú Bliantúil
- 8 gCruinniú Speisialta den Chomhairle Contae (lena n-áirítear 5 i ndáil le Crios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa)
- 1 Chruinniú Bliantúil Buiséid
- 5 Chruinniú Coiste Eagraíochta, Nós Imeachta agus Airgeadais (lena n-áirítear 1 Chruinniú Speisialta Buiséad)
- 12 chruinniú de Ghrúpa Beartais Corparáideach (lena n-áirítear 1 Chruinniú Buiséid)
- Bhuail an ceithre Choiste Ceantair do Chluain Dolcáin, Leamhcán, Ráth Fearnáin/Teach Mealóg – Tír an Iúir agus Tamhlacht le chéile deich n-uaire in 2018.

Anuas air sin bhí:

- 24 cruinniú thar na sé Choiste Beartais Straitéiseacha
- 4 chruinniú den Choiste Comhphóilíneachta
- 4 chruinniú den Choiste Iniúchta
- 2 Chruinniú le Comhaltaí Oireachtais

Coistí um Beartais Straitéiseacha (SPCanna)

An Coiste um Beartas Straitéiseach Ealaíne, Cultúir, Gaeilge, Oidhreacht agus Leabharlann

Bhuail an Coiste um Beartas Straitéiseach Ealaíne, Cultúir, Gaeilge, Oidhreacht agus Leabharlann faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Dermot Richardson le chéile ceithre huairé in 2018 chun breith a dhéanamh ar bheartais i ndáil leis na réimsí seo a leanas:

- Plean Forbartha Leabharlann Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2018-2022;
- Straitéis Éire Ildánach;
- Forbairt Cheathrú Cultúrtha Thamhlachta i gceantar na hAmharclainne Cathartha, Rua Red agus Leabharlann an Chontae;
- Gnéithe ealaíon / cultúrtha / oidhreacht den Straitéis Turasóireachta, lena n-áirítear féile leabhar na Líne Deirge;
- Nuashonruithe agus forfheidhmiú Music Generation.

An Coiste um Beartas Straitéiseach Geilleagair, Fiontraíochta agus Turasóireachta

Faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Charlie O'Connor, tháinig an SPC seo le chéile cúig huairé in 2018 chun breith a dhéanamh ar bheartais i ndáil leis na réimsí seo a leanas:

- An Straitéis Tacaíochta Gnó i gcomhar le Comhlachas Átha Cliath Theas;
- Tuarascáil Staidéir um Spás Fiontraíochta;
- Straitéis Turasóireachta an Chontae, lena n-áirítear Tionscadal Tairisí Shléibhte Bhaile Átha Cliath;
- Nuashonruithe agus forfheidhmiú an Phlean Pobail Eacnamaíoch Áitiúil (LECP);
- Deiseanna chun infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus forbairtí i bPáirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí;
- Réiteach don Bhreitheacht.

An Coiste um Beartas Straitéiseach Comhshaoil, Réimse Poiblí agus Athraithe Aeráide

Faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Pamela Kearns, bhuail an SPC seo le chéile ceithre huairé in 2018 chun breith a dhéanamh ar bheartais sna réimsí seo a leanas:

- Athrú Aeráide: *Straitéis i dtreo Pleananna um Gníomhú in aghaidh an Athraithe Aeráide d'Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath* agus Plean Glactha agus Maolaithe Chomhairle Contae Átha Cliath Theas a fhorbairt
- Scéimeanna um Maolú Tuile agus Mion-Fheabhsúchán Uisce Dromchla
- Athbheithniú Eatramhach Cónaí le Crainn
- Comhairliúchán Spás do Dhéagóirí
- Plean um Bainistiú Abhantracha 2018-2021
- Tionscadal LIFE Aibhneacha Uirbeacha Bhaile Átha Cliath
- Tionscadal Uasghrádaithe ar Mhonarcha Cóireála Fuíolluisce na Rinne
- Tionscadal Chanbháis Bhaile Átha Cliath

Coiste um Beartais Straitéiseacha Tithíochta

Faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Cathal King, bhuail an SPC Tithíochta seo le chéile chun breith a dhéanamh ar bheartais sna réimsí seo a leanas:

- Soláthar agus Seachadadh Tithíochta - Tionscadail
- Easpa Dídine
- Iasacht Tí Éire a Atógáil
- Beartas Leithdháiltí
- Beartas um Iompar Frithshóisialta
- Scéim Cíosanna
- Tionscnamh Léasaithe Breisithe
- Clár Cóiríochta don Lucht Siúil
- Straitéis Míchumais

Coiste um Beartais Straitéiseacha Sóisialta agus Pobail

Faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Deirdre O'Donovan, bhuail an SPC Sóisialta agus Pobail seo le chéile chun breith a dhéanamh ar bheartais sna réimsí seo a leanas:

- Gradaim Iarrachta Pobail
- Clár Medex
- Ciste Bonneagair Phobail
- Na Cluichí Oilimpeacha Speisialta
- Imeachtaí cosúil le Seachtain an Chuimsithe Sóisialta, Blas Átha Cliath Theas, Bealtaine, clár Trastíre agus Seachtain na Sláinte agus na Folláine.
- Straitéis Comhtháite Imirceach
- Deontais Phobail
- Scéim Slándála Baile agus Scéim Aonocsaíd Charbóin Áth Cliath Theas

Coiste um Beartas Straitéiseach Úsáid Talún, Pleanáil agus Iompair

Faoi Chathaoirleacht an Chomhairleora Emer Higgins, bhuail an SPC seo le chéile ceithre huairé in 2018 chun breith a dhéanamh i ndáil leis na réimsí seo a leanas:

- Tuarascáil Dhul chun cinn maidir leis an bPlean Forbartha Contae
- Crios Forbartha Straitéisí Chuain Buiríosa
- Treoirlíne um Fhorbairt agus Airde Tógála Uirbeach
- Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach
- Tionscadal um Uasghrádú LED ar Shoilsiú Poiblí
- Seachtain na Rothar
- Plean Straitéiseach don Limistéar Cathrach
- Aeradróm Weston
- Leithdháileadh agus nuashonruithe ar Thionscadail Bhliantúla an Údaráis Náisiúnta Iompair

Tá sonraí maidir le comhaltacht iomlán gach Coiste um Beartas Straitéiseach ar fáil in Aguisín 2.



Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Seachadadh in 2018

Geilleagair, Fiontraíocht agus Forbairt Turasóireachta

Cuspóir 1 **Timpeallacht ghnó thacúil** **a chothú le cruthú agus** **coinneáil poist ina chroílár**

Cuireadh i bhfeidhm an plean forfheidhmithe, a faomhadh do *Straitéis Fiontraíochta Réigiúnaí Bhaile Átha Cliath 2017-2019*, i rith 2018, lena n-áirítear dul chun cinn ar ionad nuálaíochta beartaithe do Thamhlacht.

D'fhaomh Coiste Meastóireachta agus Faofa na hOifige Fiontraíochta Áitiúil €497,500 le haghaidh 18 dtionscadal, a chruthaigh 49 post nua láithreach agus a bhfuil sé de chumas aige 232 post ar an iomlán a chruthú.

D'fhreastail os cionn 750 cliant ar chúrsaí oiliúna agus sheirbhísí meantóireachta LEO agus d'fhreastail 400 duine gnó áitiúil eile ar chlár oiliúna um Chiste Tacaíochta Gnó.

Faomhadh 30 dearbhán Trádála ar líne agus 10 n-iarratas ar an Deontas Tacaíocht Theicniúil i gcomhair cúnamh Easpórtála, lena n-áirítear brandáil bhia, in 2018.

Cuireadh tús leis an Acadamh Bia nua i mí Feabhra 2018, le cúigeir rannpháirtí as Áth Cliath Theas.

Thosaigh trí chliant de chuid Áth Cliath Theas ar na Cláir Luasghéaraithe nua i mí na Nollag 2018.

Aontaíodh maoiniú don chiste tacaíochta gnó do Bhuiséad 2019 agus déanfaidh an Coiste um Beartas Straitéiseach athbhreithniú ar na tionscadail agus na tacaíochtaí a maoiníodh.

Cuireadh oibreacha um Fheabhsúchán Ceantair ón gCiste Tacaíochta Gnó i gcrích i bPáirc Fiontraíochta Bhaile an Chócaigh, Seanbhóthar Belgard, JFK le tuilleadh tionscadal ag dul ar aghaidh i mBaile an Mhóta, an Glaschnoic agus Merrywell.

D'urraigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas an tríú Gradaim Ghnó Cumann Lucht Trádála Átha Cliath Theas a réachtáladh ar an 19 Deireadh Fómhair in Óstán Citywest.



Geilleagair, Fiontraíocht agus Forbairt Turasóireachta

Cuspóir 2 **Oibriú le gníomhaireachtaí** **tacaíochta fiontair chun** **infheistíocht dhíreach** **eachtrach in Áth Cliath** **Theas a mhéadú**

Thosaigh, chríochnaigh nó lean cliant i bPáirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí Interxion, Grifols, Microsoft agus Takeda le tionscadail shuntasacha a thógáil sa Pháirc.

Faomhadh diúscairtí suímh ag Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí do Amazon Data Services agus Interxion Ireland agus Grange Back-Up Power.

Lean EirGrid le tógáil fostáisiúin nua i gCaisleán na Gráinsí Theas agus tá oibreacha réitigh seandálaíochta le críochnú in 2019.

Tosaíodh ar Mháistirphlean Bonneagair Caisleán na Gráinsí Thiar le foilsiú Cuid 8 don bhóthar dromaigh agus an bonneagar lena mbaineann.

Thacaigh Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí le níos mó ná 5,400 post faoi dheireadh 2018.



Páirc Ghnó Chaisleán na Gráinsí

Cuspóir 3 **Bainistigh sócmhainní** **Chomhairle Contae Átha** **Cliath Theas ar bhealach** **a thacaíonn le forbairt** **gheilleagrach**

Críochnaíodh an tríú seastán i Staid Thamhlachta in 2018 agus tugadh tuarascáil maidir le hindéantacht an ceathrú seastán chuig cruinniú mhí na Nollag na Comhairle. D'óstáil an Staid roinnt imeachtaí neamhspleácha cosúil le Rinc Oighir na Nollag agus Searmanas Oscailte na gCluichí Oilimpeacha Speisialta, mar aon le cluichí rugbaí, Chumann Lúthchleas Gael (CLG) agus sacar idirnáisiúnta na mban.

Chuaigh gabhálacha Ordú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) ar aghaidh le haghaidh Bóthar Bhaile Adam le súil é bheith críochnaithe in 2019.

Lean feidhm bainistíochta maoine na Comhairle ag bainistiú agus ag riaradh banc talún na Comhairle go réamhghníomhach.



Críochnaíodh an tríú seastán i Staid Thamhlachta in 2018

Geilleagair, Fiontraíocht agus Forbairt Turasóireachta

Cuspóir 4 **Ranníocaíocht na** **n-ealaíon, na leabharlann,** **na hoidhreacht agus na** **Gaeilge na cáilíocht na** **beatha agus ár dtaithe** **turasóireachta a uasmhéadú**

Cuireadh tús le tógáil leabharlann nua i gCluain Dolcáin Thuaidh agus i dTigh Motháin.

Reáchtáladh Féile Leabhar na Líne Deirge a raibh an-tóir air arís in 2018 ag cur 57 ar fáil in 14 ionad ar fud an chontae i mí Dheireadh Fómhair 2018.

Bhuaigh Leabharlanna Átha Cliath Theas an chéad duais as Blag Reads Átha Cliath Theas i nGradam Leabhair agus Litríocht is Fearr 2018 (catagóir chorpáraideach) ag Gradaim Blag na hÉireann 2018.

Síníodh comhaontuithe le Éire Ildánach agus leis an gComhairle Ealaíon chun forfheidhmiú na Straitéise Ealaíon 2016–2020 a chur chun cinn go suntasach.

Sheachaid Leabharlanna Átha Cliath Theas a gclár imeachtaí trína líonra brainse lena n-áirítear Clár Léitheoireachta Réalta an tSamhraidh, imeachta Sheachtain na hEolaíochta agus Féilte Ceardaíochta ag leabharlanna Thamhlachta, Bhaile Uí Ruáin agus Leamhcáin.

Forbraíodh tionscnamh Comhpháirtíocht Eolaíochta idir Leabharlanna Átha Cliath Theas, an European Reading and Writing Foundation agus Google, trína ndéantar iarracht teagmháil a dhéanamh le daoine óga agus a dteaghlaiigh trí chódú agus ábhair Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireacht agus Matamaitic (STEM).

Mar chuid den Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain, chroch rannóg Staidéar Áitiúil Leabharlanna Átha Cliath Theas taispeántas ar an gCéad Chogadh Domhanda.

Cuireadh tús le forfheidhmiú Plean Forbartha Leabharlainne 2018–2022.

Seachadadh an clár píolótach dar teideal ‘Bréagáin, Teicneolaíocht agus Oiliúint’ chun tacaíocht agus cúnamh foghlama bhreise a chur ar fáil do phátrúin shóisearacha, cúramóirí nó caomhnóirí agus páirtithe leasmhara eile a bhfuil deacrachtaí foghlama nó riachtanais bhreise eile acu.

Forfheidhmíodh réimse clár faoi Éire Shláintiúil, Ceart Le Léamh agus Cúrsaí Oibre le tacú le seachadadh na Straitéisí Náisiúnta seo.

Cuspóir 5 **Cuir straitéis turasóireachta** **i bhfeidhm ata dírithe ar** **tháirge nua agus branda a** **forbairt**

Bhuaigh Gaelforce Bhaile Átha Cliath, a reáchtáladh i gcomhar le Dublin Outdoors Chomhairle Contae Átha Cliath Theas, an chéad duais ag searmanas Gradaim an Tionscail Imeachta in Óstán Citywest don Imeacht Spóirt is fearr 2018.

Leanadh le forfheidhmiú na Straitéise Margaíocht Turasóireachta agus an Phlean Forfheidhmithe in 2018.

Bainistíocht leanúnach agus cur chun cinn rathúil ar Ionad Cuairteoirí an Chloighthí, Cluain Dolcáin, ag ionchorprú ionad cuairteora idirghníomhach, gairdíní poiblí, caifé, limistéar itheacháin sraithe, taispeántas agus spásanna gailearaí agus siopa.

Áiríodh le Féile na Líne Deirge i mí Dheireadh Fómhair 2018 lena n-áirítear réimse níos leithne ionad, imeachtaí agus fócas margaíochta níos leithne chun lucht féachana níos leithne agus líon cuairteoirí níos airde a mhealladh.

Foilsíodh próiseas pleanála Cuid 8 i gcomhair síneadh Bealach Glas na Canálach Móire go Collchoill i mí na Nollag 2018, mar chuid d'fhorbairt Bealach Glas feadh na Canálach Móire ó Ceantar na nDugaí i mBaile Átha Cliath áit a dtéann sé chuig an Sionainn ag Cuan na Sionna i gContae Uíbh Fhailí.

Cuireadh tús le staidéar féidearthachta chun scrúdú a dhéanamh ar an gcumas do 'Lúb Canálach' idir an 12 Loc ar an gCanáil Ríoga agus an gCanáil Mhór, ag trasnú na Life ag Leamhcán.

Rinneadh oibreacha tosaigh ar thithe amuigh oidhreacht ag Caisleán Ráth Fearnáin agus cuireadh tús le tionscadal ina bhfiosraítear forbairt gnéithe chun turasóireacht a chur chun cinn.

Bronnadh 28 deontas d'Éadan Siopa in 2018 le cur leis na hoibreacha um fheabhsúchán sráidbhaile ar fud Contae Átha Cliath Theas.

Reáchtáil an Bord Pleanála an éisteacht ó bhéal i ndáil le togra tionscadail Shléibhte Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2018.



Féile na Líne Deirge

Geilleagair, Fiontraíocht agus Forbairt Turasóireachta

Geilleagar, Fiontraíocht agus Forbairt Turasóireachta – Táscairí Feidhmíochta Áitiúla 2018

LEO – poist ar tacáidh leo	31
LEO – tionscadail cheadaithe	18
LEO – rannpháirtithe oiliúna	751
LEO – seisiúin mheantóireachta	452
Caiteachas ar dheontais um thacaíocht ghnó	€490,489.15
Caiteachas ar dheontais um thacaíocht ghnó (tionscadail)	€210,485.00
Cruinnithe tionscnamh gnó leis an gComhlachas	183
Deontais d'éadan siopa	€30,538
Poist cothaithe i gCaisleán na Gráinsí	5,410
Leabharlann – cuairteoirí iarbhír	967,013
Leabharlann – cuairteoirí ar líne	485,794
Leabharlann – míreanna ar iasacht	1,251,240
Leabharlann – seisiúin ríomhaire	155,513
Leabharlanna – imeachtaí óstáilte	3,405
Úsáideoirí Wi-Fi Leabharlainne	147,529
Deontais ealaíon íochta	52
Imeachtaí ealaíon óstáilte	73
Cuairteoirí ar an amharclann chathartha	289,560
Cuairteoirí chuig Rua Red	154,603
Poist GC (Tógáil)	870
Infheistíocht SDCC i dTionscadail Turasóireachta	€1,599,997.64





Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Seachadadh in 2018

Pleanáil Úsáid Talún agus Iompar

Cuspóir 1

Clár Oibreacha Bóthair Bliantúil um chothabháil agus fheabhsúcháin a fhorfheidmiú

Leanadh leis an gClár um Fheabhsúcháin Soilsiú Poiblí in 2018 agus seachadadh soilsiú sráide poiblí LED ardchaighdeáin, éifeachtach ó thaobh fuinnimh ar fud an Chontae.

Seachadadh an clár suiteála rampaí moilliú tráchta.

Seachadadh an Clár Oibreacha Deisiúcháin Cosáin agus an clár Oibreacha Deisiúcháin Cosáin in Eastáit Tithíocht Shóisialta.

Seachadadh an Clár Oibreacha Bóithre Bliantúil.

Cuspóir 2

Struchtúr bainistíochta agus próisis um phleanáil agus fhorbairt ghairmiúil a chothabháil

In 2018, bhí méadú i ngníomhaíocht phleanála nuair a bronnadh cead planála ar 2,000 aonad tithíochta nua.

Ag SDZ Bhaile Adaim, rinneadh dul chun cinn i ngníomhaíocht tógála agus planála le 2,000 aonad críochnaithe ag deireadh 2018, agus tá timpeall 1,500 cead planála gníomhacha i bhfeidhm.

Seoladh My Door Step i mí Dheireadh Fómhair 2018, ionad siúl isteach agus suíomh gréasáin nua dírithe ar an bpróiseas tithíochta a oscailt do cheannaitheoirí roimh

40,000 teach nua a thógáil sa chontae. Meascann My Door Step faisnéis ar fhorbairt tithíochta reatha agus planáilte in aon láthair i gContae Átha Cliath Theas le sonraí maidir le cúram leanaí, oideachas, sláinte, áineas, miondíol agus áiseanna spóirt ar fud an Chontae.

Ghlac an Chomhairle le dhá leagan de Phlean Forbartha an Chontae d'fhonn leasú críosaithe a dhéanamh le tailte ag Caisleán na Gráinsí Thiar (Leagan Uimh. 1) agus téacs agus cuspóirí nua i ndáil le Tobhach ar Shuíomh Folamh (Leagan Uimh. 2). Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin don tríú leagan ag deireadh 2018 chun c178 heicteár de thailte críosaithe amhail "Fiontraíocht agus Fostaíocht" (EE) i gceantar Bhóthar an Náis / Bhaile an Mhóta a athchríoú chuig "Athghiniúint" (REGEN).

Cuireadh an Clár de Shuíomhanna Folmha i bhfeidhm agus tá sé gníomhach anois.

D'ainmnigh Institiúid Pleanála na hÉireann trí thionscadal do Ghradaim Phleanála Náisiúnta 2018: Crios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa, Bealach Glas na Dothra agus Tairseach Maoine MyDoorStep.

Cuireadh tionscnaimh Local Housing Infrastructure Activation Fund (LIHAF) chun cinn mar chuid de chlár Éire a Atógáil an rialtais ag díriú ar an soláthar tithíochta a mhéadú trí bhonneagar a chumasú, cosúil le bóithre, droichid agus páirceanna.

Bhronnadh €3m ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ó Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbigh (URDF) i gcomhair príomhthionscadail bhonneagair, seirbhísí, sibhialta, chónaithe agus áineasa i dTamhlacht agus i gcomhair staidéir indéantacht le bheith mar bhuntaca le todhchaí na dtailte ó thuaidh de Bhóthar an Náis.



MyDoorStep

Pleanáil Úsáid Talún agus Iompar

Cuspóir 3 **Gach modh iompair a chur** **chun cinn lena n-áirítear** **siúl agus rothaíocht chun** **gluaiseacht daoine laistigh** **den chontae agus taobh** **amuigh de a fheabhsú**

Ghlac an Chomhairle le Dréachtscéim Pleanála SDZ Chluain Buiríosa, a chuirfidh 8,400 teach ar fáil ar deireadh sa Chontae, i Meitheamh tar éis roinnt Cruinnithe Speisialta ar athruithe beartaithe leis an bplean tar éis na céime comhairliúcháin.

Forbraíodh Dréachtphean Forbartha Áitiúil (LAP) do Thamhlacht i gcomhair sráidbhaile Thamhlachta, Ionad Siopadóireachta na Cearnóige, Páirc Chuimhneacháin Sean Walsh, ceantar Tionsclaíoch Bhaile an Chócaigh, Páirc Ghnó Dheisceart na Cathrach, Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta, Bóthar Belgard agus Bóthar Airton.

Ceapadh comhairleoir chun dul chun cinn a dhéanamh ar cháipéis dearadh agus tairisceana mhionsonraithe de Bhealach Glas na Dothra. Tá Bealach Glas na Dothra beartaithe á fhorbairt ina bhealach glas den chéad scoth a chuirfidh go mór le taithí cónaitheoirí, comaitéirí agus turasóirí sa Chontae. Glacadh le Pleanáil Cuid 8 do Nascbhóthar Chearnóg Belgard, lena n-áirítear oibreacha le bealaí rothaíochta agus bealaí siúil reatha agus cuireadh an scéim ar aghaidh chuig an gcéim dearadh mionsonraithe.

Cuireadh feachtas Feasacht um Shábháilteacht ar Bhóithre chun cinn i rith na bliana trí imeachtaí éagsúla Comhairle agus ar na meáin shóisialta.

I measc roinnt de na himeachtaí a reáchtáladh i rith Seachtain na Rothar 2018 bhí cothabháil rothair saor in aisce taobh amuigh de na hOifigí Cathracha, Cluain Dolcáin, rothaíocht am lóin do dhaoine fásta ó Chearnóg na Leabharlainne go Páirc Tigh Mhotháin agus comórtas ealaíne bunscoile. Cuireadh oiliúna rothaíochta ar fáil do scoileanna ar fud an Chontae.

Suiteáladh Comharthaí Teachtaireacht Inathraitheacha (VMS) um aiseolas braite luais a shuiteáil i 16 láthair ar fud an Chontae. Tá sé mar aidhm leo seo tionchar a imirt ar thiománaithe le cloí le teorainneacha luais i ngach ceantar.

Cuireadh tús le Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Adaim an R120, lena n-áirítear an nasc le Bóthar Nangair an R134. Áiríodh leis na hoibreacha leathnú Droichead an Dara Loc Déag, tógáil cosáin nua agus raonta rothaíochta, feabhsúcháin dromchla le bóithre reatha agus níos mó. Táthar ag súil go mbeidh an scéim feabhsúcháin críochnaithe in 2019.



Cuireadh feachtas Feasacht um Shábháilteacht ar Bhóithre

Cuspóir 4
Infheistíocht a dhéanamh
i bPobail Inbhuanaithe
agus i dTionscnaimh um
Cháilíocht Bheatha



Bealach Siúil Belgard

Críochnaíodh an Scéim Infheistíochta Oidhreacht Thógtha, a bhaineann le deisiúchán agus caomhnú struchtúr agus atá cosanta faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt. Roghnaigh an Chomhairle cúig struchtúr le maoiniú faoin scéim, lena n-áirítear an Seanteach Scoile i Ráth Cúil, Séipéal Naomh Eoin i gCluain Dolcáin agus Teach Gharrán na Cufróige i dTeach Mealóg.

Rinneadh oibreacha suirbhé ag Teach Geata Bhaile an Mhóta, áit ar críochnaíodh Measúnú Tionchair Seandálaíochta agus Tuarascáil Éiceolaíoch. Shainaithin an Fóram Caomhnaithe Seandálaíochta Teach Geata Bhaile an Mhóta in 2017 mar thionscadal caipitil i gcomhair oibreacha measúnaithe agus caomhnaithe féideartha.

Críochnaíodh nuashonruithe le Céim 1 de Shráidbhaile Thamhlachta agus Bealach Siúil Belgard. Áiríodh leo sin forbairt plás nua agus oibreacha cosáin.

Críochnaíodh Clár Oibreacha Breisithe Sráidbhaile Theach Sagard, lena n-áirítear limistéir phláis a chruthú ag Lána an Mhuilinn chun taithí coisithe a fheabhsú, plandáladh crainn sa phlás theas nua, rinneadh athdhromchlú agus athlíniú ar an mbóthar reatha ag Lána an Mhuilinn agus tuilleadh.

Bhí monatóireacht ar fho-dhlíthe luais 30 km/u i ngach eastát cónaithe leanúnach i rith na bliana.

Pleanáil Úsáid Talún agus Iompar

Pleanáil Úsáid Talún agus Iompar – Táscairí Feidhmíochta Áitiúil 2018

Iarratais phleanála a fuarthas – tithíocht nua	199
Iarratais phleanála a fuarthas – tithíocht nua (aonaid)	2,642
Tithe nua a bronnadh pleanáil orthu – iarratais	105
Tithe nua a bronnadh pleanáil orthu – iarratais (aonaid)	2,000
Iarratais phleanála tithíochta – iarratais	279
Iarratais phleanála tithíochta – iarratais (aonaid)	4,099
Pleanáil Diúltaithe – an líon tithe	258
Iarratais phleanála – eile	816
Pleanáil – eile – líon ceadaithe	618
Pleanáil – eile – líon diúltaithe	75
Iarratais ar fhaisnéis bhreise – gach rang	171
% cinntí ar sheas ABP leo	68
Cruinnithe réamhphleanála a reáchtáladh	176
Forfheidhmithe pleanála a tosaíodh	231
Comhaid forfheidhmithe a dúnadh	120
Iníúchtaí smachta tógála	339
Fógraí tosaithe a fuarthas	1,680
Iarratais Ghlacadh ar Láimh (TIC) a fuarthas	3
TIC a críochnaíodh	0
Achar cosán a deisíodh i méadair chearnaithe (m ²)	86,456
Achar bóthair deisithe i m ²	142,423
An líon soilse poiblí i bhfeighil	29,269
An líon soilse poiblí a deisíodh	5,944
Soilse tráchta a deisíodh	1,051





Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Seachadadh in 2018

Tithíocht Shóisialta agus Forbairt Pobail

Cuspóir 1
Cuir clár trí bliana i bhfeidhm chun tithíocht shóisialta a sholáthar i gcomhthéacs na Straitéise Tithíocht Shóisialta 2020

Rinneadh dul chun cinn le clár Tógáil Tithíocht Shóisialta agus críochnaíodh tógáil 238 teach, le 112 teach eile á dtógáil ag Cill an Ardáin, an Dothra Bheag agus St. Cuthbert's, agus faomhadh cead pleanála Cuid 8 do 205 aonad tithíocht shóisialta nua.

Seachadadh 320 teach breise trí leithdháileadh tithíocht shóisialta Chuid V i bhforbairtí cónaithe, mar aon le léasú, gabhálacha agus bealaí eile.

Faoi dheireadh 2018 bhí 2,605 tionóntacht Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta gníomhach sa Chontae lena n-áirítear 599 tionóntacht nua arna mbunú i rith 2018, agus 1,347 teach breise tríd an Scéim Cóiríocht Cíosa agus 966 teach ar léas sa Chontae.

Críochnaíodh cúig Teach Grúpa don Lucht Siúil i gClós Naomh Aodán, Gort an tSrutháin.

Fuarthas 268 iarratas ar scéim Iasacht Tí Éire a Atógáil agus leithdháil an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maoiniú €25 milliún.

Tá bainistíochta gus cothabháil ar stoc tithíocht shóisialta 9,395 teach na Comhairle leanúnach ar fud an chontae.

Leithdháileadh 312 teach i rith na bliana, agus bronnadh 133 deontas oiriúnú tithíochta chun na tithe sin a chur in oiriúint do dhuine faoi mhíchumas fisiciúil, céadfach nó intleachtach nó deacracht mheabhairshláinte.

Ceapadh foireann tionscadail agus cuireadh tús le hobair ar sheachadadh Córas Comhtháite Tithíochta ar tionscnamh suntasach trasfhoirmithe gnó é atá ar siúl sa Chomhairle chun éifeachtúlachtaí agus éifeachtacht ár bpróisis agus ár gcórais inmheánacha maidir le seachadadh agus cothabháil tithíochta a fheabhsú.

Seoladh suíomh gréasáin nua Ráitis Chíosa ag <https://rents.southdublin.ie> chun rochtain ar líne a thabhairt do thionóntaí Comhairle ar a ráitis chíosa trí chuntas pearsantaithe chun a n-íocaíochtaí a rianú agus a mhonatóiriú.



Tógáil 238 teach

Tithíocht Shóisialta agus Forbairt Pobail

Cuspóir 2 **Ról ceannaireachta a** **ghlacadh i gcuimsiú** **sóisialta agus comhoibriú** **idirghníomhaireachta**

Sroicheadh na spriocanna faoin gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtaíthe Pobail do 2018 le cabhrú le dul i ngleic le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta tríd an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil.

Leanadh ag seachadadh Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Átha Cliath Theas 2016–2021 agus rinneadh athbhreithniú ar ghnéithe colúin phobail a rinne an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil.

Reáchtáladh réimse féilte chun cuimsiú agus éagsúlacht a chur chun cinn ar fud an chontae lena n-áirítear Féile na Bealtaine, Féile Idirchultúrtha Blas Átha Cliath Theas agus Seachtain an Chuimsithe Sóisialta.

Seachadadh tionscnaimh Báúil le hAois Átha Cliath Theas lena n-áirítear tacaíocht chun dhá Sheid na bhFear eile a thógáil, timpeall 900 suiteáil nua glas faoin Scéim Slándála Baile agus seoladh Scéim Aláram Aonocsaíd Charbóin. Reáchtáladh 34 cruinniú d'Fhóram Comhphóilíneachta agus Póilíneachta Áitiúil lena n-áirítear cruinnithe poiblí a reáchtáladh i dTamhlacht, Cluain Dolcáin, ceantar Bhaile Átha Cliath 12 agus Cluain Dolcáin Thuaidh. Rinne an Coiste Comhphóilíneachta a athbhreithniú bliantúil faoi *Phlean Straitéiseach 2017–2022*.

Reáchtáladh Gradaim Sparánachta Oideachais Chontae Átha Cliath Theas in IT Tamhlacht i mí Dheireadh Fómhair.

Seachtain an Chuimsithe Sóisialta





Tithíocht Shóisialta agus Forbairt Pobail

Cuspóir 3 **Sláinte, folláine, áineas** **agus gníomhaíocht a chur** **chun cinn chun cáilíocht na** **beatha a fheabhsú**

Oscáladh Ionad Pobail Bhaile Adam go hoifigiúil i Meitheamh 2018 ina bhfuil halla spóirt den scoth, eangacha cruicéid taobh istigh, seomraí cruinnithe ilúsáide, seomra aclaíochta agus cistin bheag in aice leis, leithris, limistéar stórála, limistéir athraithe agus fáiltiú.

Tá an áis úrnua ar fáil do 1,800 dalta i scoileanna in aice lámhe; Coláiste Pobail Bhaile Adaim, Naomh Eoin an tSoiscéalaí agus Oideachas le Chéile Chaisleán Bhaile Adaim i rith uaireanta scoile. Oscáladh an t-ionad don phobal sa tráthnóna, ag an deireadh seachtaine agus i rith saoire scoile ó Mheán Fómhair 2018.

Ceangal don Bheatha Átha Cliath Theas – an Plean Gníomhaíochta um Chosc Féinmharaithe 2018–2020 a thacaigh le grúpaí pobail le tabhairt faoi chosc féinmharaithe agus saincheisteanna meabhairshláinte.

Sheol Ospidéal Ollscoile Thamhlachta, Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus DCU MedEx Tamhlacht i mBealtaine 2018 mar chlár athshlánaithe ó thinneas ainsealach pobalbhunaithe a chuireann ranganna aclaíochta struchtúrtha agus maoirsithe ar fáil chun daoine le réimse tinneas a chumasú le haclaíocht a dhéanamh i dtimpeallacht shábháilte d'fhonn aclaíocht a chothabháil nó a bhaint amach i rith nó tar éis cóireála.

Sheachaid an Grúpa Stiúrtha do Chontae Sláintiúil roinnt tionscnamh in 2018 lena n-áirítear Seachtain na Sláinte agus Folláine, cláir 'We Quit Campaign', agus ceardlanna maidir le Mí-Úsáid Alcóil, Ailse agus Siondróm Alcóil Féatais, i gcomhar le Tascfhórsa Drugaí agus Alcóil Thamhlachta.

Rochtain os cionn 550,000 duine Áiseanna Fóillíochta Chomhairle Contae Átha Cliath Theas lena n-áirítear Ionad Fóillíochta Thamhlachta, Chluain Dolcáin agus Leamhcáin i rith na bliana.

Bhronn an Chomhairle agus Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta Gradaim Sparánachta Spóirt ar 16 mac léinn chéad agus dara bliana in IT Thamhlachta i mí Dheireadh Fómhair. Bealach iad na gradaim chun rochtain a mhaoiniú ar oideachas tríú leibhéal do mhic léinn ó cheantair faoi mhíbhuntáiste.

D'oibrigh an Chomhairle le Comhpháirtíocht Spóirt Átha Cliath Theas agus le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun Tionscadal Píolótach Oideasú Sóisialta i dTamhlacht. Tugann oideasú sóisialta deiseanna atreoraithe neamhleighis ar fáil do ghairmithe sláinte cosúil le hospidéal agus gairmithe príomhchúraim eile chun sláinte agus folláine a n-othar a fheabhsú.

D'urraigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas agus Comhpháirtíocht Spóirt Átha Cliath Theas Gradaim Spóirt Amaitéarach Átha Cliath Theas, ina n-aithnítear iarracht agus rath daoine aonair agus foirne spóirt áitiúla, ag leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta.

Cuspóir 4 **Ceannaireacht agus** **forbairt pobail a éascú** **trí rannpháirtíocht agus** **cumhachtú pobail**

Gradaim Iarrachta Pobail



Reáchtáladh Gradaim Iarrachta Pobail i mí na Nollag i 14 chatagóir chun aitheantas agus luach saothair a thabhairt d'iarraicht agus éacht phobail in Átha Cliath Theas.

Seoladh Ciste Bonneagair Pobail nua a thugann deis do Ghrúpaí Pobail (Clubanna Spóirt san áireamh) chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le cuidiú le costais Áiseanna Pobail nua a thógáil nua nó áitreabh reatha a uasghrádú agus/nó a shíneadh, le maoiniú €250,000 faofa do ghrúpaí pobail in 2018.

Díríodh an Clár Deontas Pobail ar chúnamh airgeadais a thabhairt do Ghrúpaí Pobail agus Deonacha tá ag freagairt do riachtanais arna sainithint go háitiúil laistigh dá bpobail le cistí €193,000 ar an iomlán á chur ar fáil do ghrúpaí pobail in 2018.

D'fhaomh an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil maoiniú €749,000 in 2018 do 129 tionscadal Breisithe Pobail. Cuireann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an maoiniú seo ar fáil.

Tacaíodh le níos mó ná 350 imeacht Pobail a mheall os cionn 100,000 rannpháirtí.

Thacaigh maoiniú na comhairle le 33 Tionscadal/Campa Samhraidh a sheachadadh, a d'éascaigh rochtain ag os cionn 5,000 leanbh.

Tithíocht Shóisialta agus Forbairt Pobail

Tithíocht, Forbairt Sóisialta agus Pobail – Táscairí Feidhmíochta Áitiúil 2018

Stoc tithíochta iomlán	9,395
Tosaithe tógála	87
Críochnaithe tógála	238
Riachtanais tithíochta iomlána a measúnaíodh	7,151
Leithdháiltí – Gan dídean/Eile	312
Líon folús	87
Am a glacadh chun tithe a ligean arís (seachtainí)	15.71
Aonaid RAS iomlán	1,347
Aonaid HAP iomlán	2,605
Iomlán na n-aonad ar léas	966
An líon deontas tithíochta a faomhadh	290
Iarratais ar chothabháil tithíochta a fuarthas	18,905
Iarratais ar chothabháil tithíochta a críochnaíodh	8,808
Cothabháil phleanáilte – aonaid chríochnaithe	134
Clárúcháin PPN iomlána	72
An líon deontas pobail eisithe	293
An líon clár spóirt	2,955
An líon rannpháirtithe ar chláir spóirt	209,960
An líon imeachtaí pobail	252
An líon rannpháirtithe in imeachtaí pobail	78,331
Cuairteoirí chuig áiseanna fóillíochta	547,996
Cigireachtaí ón mBord um Thionóntachtaí Cónaitheacha Príobháideacha	1,891
Ghlaoigh PRTB, ní raibh rochtain	0
Cigireachtaí Rátáil Fuinnimh Foirgnimh (BER)	113
Teastais BER foilsithe	101
Cigireachtaí Meicniúla	1,683
Uasghráduithe fuinnimh críochnaithe	215
Cigireachtaí leictreacha críochnaithe	2,100

Tithíocht, Forbairt Sóisialta agus Pobail - Táscairí Feidhmíochta Áitiúil 2018

An líon eachtraí frithshóisialta a tuairiscíodh	674
An líon gníomhartha a tógadh mar fhreagairt ar thuarascálacha	7,581
Cruinnithe JPC agus Fóraim Phóilíneachta a reáchtáladh	34
An líon Féilte Áitiúla ar tacaíodh leo	1
Oibreacha Deontas Daoine faoi Mhíchumas (DPG)	133
Grúpaí Bailte Slachtmhara ar Tacaíodh leo	10
An líon rannpháirtithe Fostaíocht Phobail (CE)	89
% rannpháirtithe CE leithdháilte	75





Tuarascálacha ar Sheirbhísí a Seachadadh in 2018

Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide

Cuspóir 1 **Cumas ár gcontae a** **fheabhsú ar mhaithe le** **forbairt eacnamaíoch**

Seachadadh an Clár Oibreacha Mionfheabhsúcháin Réimse Poiblí ina raibh timpeall 54 scéim oibreacha beaga (cosúil le tógáil cosán, athdhromchlú, soláthar ráillí teorann, uathobriú geataí).

